

Cothrom an ama seo leathchéad bliain ó shin...

Joe Steve Ó Neachtain

Thall sa Róimh a pósadh muid leathchéad bliain ó shin ar an 18ú Lúnasa 1969. Ní éirí in airde de chineál ar bith a thug chomh fada leis an Róimh muid ach cinneadh fíor-phraiticiúil. Bhí chuile scilling dá raibh muid a shaothrú caite ar theach nua a bhí muid a thógáil. Bhí sé mar aidhm againn é a chríochnú de réir a chéile agus gan aon mhorgáiste a chur faoinár muineál. Sheet chipboard a bhí mar dhoras tosaigh againn agus pleainc ina aghaidh ón taobh istigh, ach bhí muid chomh sásta nach raibh aon deoir anuas orainn is dá mba in óstán ceithre réalta a bheadh muid.

Níor bhain aon chostas mór leis an bhfeisteas pósta, níos lú ná tríocha punt ar fad. Rinne Máirín an cóta traidisiúnta dearg agus seáilín cróiseáilte di fhéin. Báinín bán a chaith mise agus treabhsar bréidín. Bróga úra leathair as Árainn a bhí i gceist agam a chaitheamh ach seans nach raibh siad sách saillte mar bhí boladh bréan orthu nuair a thóg mé amach as an mála iad.

Níor thug muid cuireadh bainise do dhuine ar bith ach do dheartháir liom, Pádraic, a bhí ag staidéar sa nGearmáin, agus a sheas liom. Cailín as an nGearmáin, nach bhfaca muid roimhe ná ó shin, a sheas le Máirín, Amelia Vocking – ach go bhfuaimnítear an V mar F sa nGearmáin. Ba é an tOirmhinneach Seán Ó hÁinle, as Coláiste na nGael, a phós muid. Seans gurbh é an chéad phósadh as Gaeilge a rinneadh sa Róimh é.

Lá cinniúnach a bhí ann dúinne, ach bhí sé i bhfad ní ba cinniúnaí do ghrúpa cailíní gealgháireacha as Béal Feirste a casadh linn



Máirín agus Joe, lá a bpósta sa Róimh ar an 18ú Lúnasa 1969

san óstán. Bhí pian i mo chroí ag éisteacht leo ag screadach chaoineacháin nuair a chonaic siad tithe cónaithe a muintire sa mbaile ina mbladh lasrach ar nuacht na teilifíse. B'shin í an tseachtain ar thosaigh círéibeacha dáiríre sa Tuaisceart; nuair a facthas saighdiúirí Sasanacha ar na sráideanna den chéad uair.

Tá ceart againn a bheith buíoch as an tsíocháin atá inár dtimpeall agus as an gcomhlúadar geanúil a bhfuil ár saol caite againn ina dteannta. ■